

TikTok, Meta agus Google os comhair Choiste Oireachtais na Meán: Tiomáint Chontúirteach



Eochairfhocail: ardán sóisialta, eachtra thragóideach, tiomáint chontúirteach, coiste

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Ainmnigh dhá cheann de na comhlachtaí meán sóisialta a bhí os comhair Choiste Oireachtais inniu?
2. Céard é an gníomh dainséarach a bhíonn le feiceáil uaireanta ar na suímh shóisialta seo?
3. Cathain a tharla an eachtra uafásach a luaitear sa mhír nuachta seo?
4. Conas a mhothaigh an pobal i gcoitinne faoin eachtra thragóideach seo?
5. Cad atá déanta ag TikTok ó tharla an eachtra thragóideach seo, de réir Zachary Hecht?
6. Cad ba cheart a dhéanamh as seo amach maidir leis na hardáin shóisialta, dar leis an Teachta Dála Alan Kelly?
7. Ainmnigh an comhlacht nár tháinig os comhair an Choiste Oireachtais?
8. An mbaineann tú féin úsáid as aon ardán sóisialta? Cén fáth?



Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Líon na bearnaí

Olc, gníomhaí, mí-úsáid, iompar mídhleathach, lárnach, anuas, dearfacha

Tá ról _____ ag na hardáin shóisialta i saol an-chuid daoine sa lá atá inniu ann. Baineann idir mhaith agus ____ leis na hardáin seo. Úsáidtear iad chun smaointe agus teachtaireachtaí _____ a roinnt i measc daoine. Baintear _____ as na hardáin seo uaireanta ar an drochuair. Postáiltear físeáin faraor a mbíonn _____ ar siúl iontu. Ceapann daoine áirithe gur cheart do na comhlachtaí ar leo na hardáin seo a bheith i bhfad níos _____ maidir le maoirseacht a dhéanamh ar a suímh féin. Deir na comhlachtaí go bhfuil a ndícheall á dhéanamh acu agus go mbaintear _____ an-chuid físeán mí-oiriúnach de na hardáin seo gach lá.

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: Ríomhphost

Is ball de Choiste Oireachtais na Meán tú. Bhí tú i láthair ag an gcruinniú sin a bhí ar siúl an tseachtain seo. Scríobh ríomhphost gearr chucu ag gabháil buíochais leo as teacht go dtí an cruinniú agus iarr orthu cabhrú leat amach anseo. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

An-bhuíoch	Sa todhchaí
Comhoibriú	Cabhrú le daoine óga
Fial flaithiúil	Ar mhaithe le
Le gach dea-ghuí	Físeáin mhí-oiriúnacha

Freagraí



Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Google, Tik Tok, Meta
2. Tiomáint chontúirteach
3. Mí ó shin
4. Bhí uafás orthu
5. Tá 1600 físeán bainte den suíomh ón uair a tharla an tragóid
6. Ba cheart go mbeadh freagracht dlíthiúil ar na hardáin seo maidir le físeáin d'iompar mídhleathach atá á bpóstáil
7. X

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

Tá ról lárnach ag na hardáin shóisialta i saol an-chuid daoine sa lá atá inniu ann. Baineann idir mhaith agus olc leis na hardáin seo. Úsáidtear iad chun smaointe agus teachtaireachtaí dearfacha a roinnt i measc daoine. Baintear mí-úsáid as na hardáin seo uaireanta ar an drochuair. Postáiltear físeáin faraor a mbíonn iompar mídhleathach ar siúl iontu. Ceapann daoine áirithe gur cheart do na comhlachtaí ar leo na hardáin seo a bheith i bhfad níos gníomhaí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar a suímh féin. Deir na comhlachtaí go bhfuil a ndícheall á dhéanamh acu agus go mbaintear anuas an-chuid físeán mí-oiriúnach de na hardáin seo gach lá.